

Translation of Léigh section:

1. Sit, girl, and be quiet.
2. Stay there, boy; don't go out.
3. Put on your coat.
4. 'Fasten' (shut) your shoe.
5. Do your lesson.
6. Say your prayers.
7. Give the apple to the boy.

“Scríobh Amach na hAbairtí” (unlabelled section — bottom of page 44, after “Léigh” section)

1. Suígí, a chailíní, agus bígí ciúin.
2. Fanaigí ansin, a bhuachaillí; ná téigí amach.
3. Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
4. Dúnaigí bhur mbróga.
5. Déanaigí bhur gceachtanna.
6. Abraigí bhur bpaidreacha.
7. Tugaigí na húlla do na buachaillí.*

* You must pluralize the noun *apple* for the sentence to make sense.

Cuir Gaeilge Air Seo:

1. Dia dhuit ar maidin, a Thomáis. Dia's Muire dhuit ar maidin, a mhúinteoir.
2. Conas tá tú, a Thomáis? Táim go maith, buíochas le Dia.
3. Dia dhaoibh ar maidin, a bhuachaillí. Conas tá sibh?
4. Táimid go maith, buíochas le Dia.
5. (Tá) fáilte romhat, a Mháire. Tar isteach. Suigh síos.
6. (Tá) fáilte romhaibh, a bhuachaillí. Tagaigí isteach. Suígí síos.
7. Tá Tomás ag imeacht. Slán leat, a Thomáis.
8. Táim ag imeacht. Slán agat, a Sheáin.
9. Dún an doras, a Úna, más é do thoil é.
10. Dúnaigí na fuinneoga, a bhuachaillí, más é bhur dtoil é.
11. Go raibh maith agat, a Thomáis. Go raibh maith agaibh, a chailíní agus a bhuachaillí.
12. Cuir an t-úll ar an mbord, a Mháire.
13. Cuirigí na húlla isteach sna boscaí, a chailíní.
14. Faigh do chóta, a mhic.
15. Faighigí bhur gcótaí, a bhuachaillí.
16. Ná tit, a chroí. Ná titigí, a pháistí.
17. Abair é, a Mháire. Abraigí é, a bhuachaillí.
18. Léigí bhur gceachtanna, a chailíní.